## Gnáthóga na Gaeltachta

# Claíocha agus Fothracha





An tIalus Fáil
*Calystegia sepium*

An tIúr Sléibhe
*Teucrium scorodonia*



An Cupán Móna
*Cladonia pyxidata*



Raithneach
*Pteridium aquilinum*



An Cornán Caisil
*Umbilicus rupestris*





An Raithneach Chrua
*Blechnum spicant*

An Féithleann
*Lonicera periclymenum*



An Drioball Rí
*Geranium robertianum*





Lus na Seilge
*Asplenium trichomanes*

Creamh na Muice Fia
*Asplenium scolopendrium*



An Raithneach Mhadra
*Dryopteris filix-mas*



An Dris
*Rubus fruticosus*





An Scim Chaol
*Polypodium vulgare*

Fágann daoine a lorg ar an tírdhreach agus ní thógann sé i bhfad go dtí go mbíonn iarsmaí na sochaí — fothracha, claíocha, sconsaí agus ballaí — clúdaithe ag raon leathan plandaí. Bíonn foscadh ón ngaoth agus scáth ón ngrian ag plandaí a fhásann i measc na bhfothrach agus sna clocha ar chlaíocha, agus dá shine iad is amhlaidh is saibhre atá siad ó thaobh na bithéagsúlachta de.

Tacaíonn claíocha le plandaí dreaptha, agus i gcás féitheacha amhail **an féithleann, an t-ialus fáil** agus **eidhneán** baineann siad leas as clocha garbha na bhfothrach agus iad ag fás go hard ag lorg spáis agus solais. Taitníonn an scáth agus an taise atá in íochtar ballaí cloiche le raithneachaí beaga amhail **lus na seilge**, **creamh na muice fia** agus **an scim chaol**, a fhásann sna poill agus sna scoilteacha. Fásann raithneachaí níos mó, amhail **an raithneach chrua** agus **an raithneach mhadra**, chomh maith leis **an raithneach** féin, amach as íochtar na gclaíocha.

Sa gheimhreadh bíonn na gnáthóga seo breac le léicin, amhail **an cupán móna**, caonaigh agus aelusanna. Sa samhradh bíonn bláthanna amhail **an cornán caisil** agus **an t-iúr sléibhe** le feiceáil, agus i gcaitheamh na bliana bíonn **an drioball rí** faoi bhláth.

**Ionad an Acadaimh · Carna**
timpeallacht | teanga | traidisiún

Ollscoil na Gaillimhe
University of Galway

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta